Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Lúnasa 2024**
**(OR. en)**

**12423/1/24**
**REV 1**

**PUBLIC 101**
**INF 197**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – AIBREÁN 2024 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha[1] a ghlac an Chomhairle i mí Aibreáin 2024.[2] [3]

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha,
- an seisiún den Chomhairle a bhí i gceist,
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil,
- tagairt do mhiontuairiscí sheisiún na Comhairle ag ar glacadh an gníomh.

---

1 Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (féach i gcló iodálach).

2 I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a reáchtáiltear an cruinniú den Chomhairle ag a nglactar an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

3 Cé is moite de ghníomhartha áirithe a bhfuil raon feidhme teoranta acu, mar shampla cinntí nós imeachta, ceapacháin, cinntí sonracha buiséadacha, etc., seachas má ghlactar trí nós imeachta i scríbhinn iad.

Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag:
Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle (gníomhartha) - Consilium

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil teacht ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a chur isteach ag: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil - is iad miontuairiscí na Comhairle amháin atá barántúil. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag: Miontuairiscí na Comhairle – Consilium

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ AIBREÁIN 2024 | |
|---|---|
| **An 4012ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) a tionóladh i Lucsamburg an 12 Aibreán 2024** (Miontuairiscí: 9188/24) | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Méadú caipitil an Bhainc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha*<br>Cinneadh (AE) 2024/1246 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le suibscríobh ag an Aontas Eorpach le scaireanna breise i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus lena leasaítear an Comhaontú lena mbunaítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha a mhéid a bhaineann le leathnú raon feidhme geografach oibríochtaí BEAF chuig an Afraic Fho-Shahárach agus an Iaráic, agus lena mbaintear an teorainn chaipitil reachtúil ar ghnáthoibríochtaí<br>IO L, 2024/1246, 8.5.2024 | 50/24 |
| *Treoir maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais*<br>Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673<br>IO L, 2024/1226, 29.4.2024 | 95/23 |
| *Treoir maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú*<br>Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní<br>IO L, 2024/1260, 2.5.2024 | 3/24 |
| *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le 'Cead Aonair'*<br>Treoir (AE) 2024/1233 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibreoirí tríú tír ar a bhfuil cónaí dleathach i mBallstát (athmhúnlú)<br>IO L, 2024/1233, 30.4.2024 | 93/23 |
| *Treoir lena leasaítear Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus Treoir ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl*<br>Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl (téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1785, 15.7.2024 | 87/23 |

| | |
|---|---|
| *Rialachán maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha*<br>Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 166/2006 (téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1244, 2.5.2024 | 101/23 |
| *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (athmhúnlú)*<br>Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)<br>IO L, 2024/1275, 8.5.2024 | 102/23 |
| *Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le sosanna agus tréimhsí scíthe san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí*<br>Rialachán (AE) 2024/1258 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh.561/2006 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí agus maidir le cumhacht na mBallstát pionóis a fhorchur i leith sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a rinneadh i mBallstát eile nó i dtríú tír<br>IO L, 2024/1258, 2.5.2024 | 30/24 |
| *Cinneadh a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta*<br>Cinneadh (AE) 2024/1254 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoracha 2009/12/CE, 2009/33/CE agus (AE) 2022/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/67/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe tuairiscithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta (téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1254, 30.4.2024 | 27/24 |
| *Rialachán a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe tuairiscithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta*<br>Rialachán (AE) 2024/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 80/2009, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta (téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1230, 29.4.2024 | 26/24 |

| | |
|---|---|
| *Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7)*<br>Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1257, 8.5.2024 | 109/23 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro*<br>Moladh ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro<br>IO C, C/2024/2807, 23.4.2024 | 6316/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte*<br>Cinneadh (AE) 2024/1144 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 lena gcuirtear cúnamh macrairgeadais gearrthéarmach ar fáil do Phoblacht Arabach na hÉigipte<br>IO L, 2024/1144, 15.4.2024 | 8309/24 |
| *Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas daingniúcháin Uimh. 07/c/01/24*<br>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas daingniúcháin Uimh. 07/c/01/24 | 7183/1/24 REV1 + ADD1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le Poblacht na hAlbáine maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta*<br>Cinneadh (AE) 2024/1169 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na hAlbáine<br>IO L, 2024/1169, 18.4.2024 | 11945/23 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1231 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia<br>IO L, 2024/1231, 25.4.2024 | 16980/23 + COR 1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile*<br>Cinneadh (AE) 2024/1156 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile<br>IO L, 2024/1156, 17.4.2024 | 16395/1/11 REV1 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1074 an 12 Aibreán 2024 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1074, 12.4.2024 | 7948/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1073 ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1073, 12.4.2024 | 7951/24 |
| Fógra le haghaidh na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1074 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1073 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO C, C/2024/2708, 15.4.2024 | 7952/24 |

| **An 4018ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eachtracha) a tionóladh i Lucsamburg an 22 Aibreán 2024** (Miontuairiscí: 9191/24) | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2024: Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a threisiú tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne*<br>Cinneadh (AE) 2024/1220 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024<br>IO L, 2024/1220, 25.4.2024 | 8804/24 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (Ceanglais stuamachta agus urrúsú)*<br>Cinneadh (AE) 2024/1511 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE arna bhunú leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE<br>IO L, 2024/1511, 29.5.2024 | 7796/24 + ADD 1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le Poblacht na hAirgintíne i ndáil leis na modhnuithe ar tharaif-chuótaí an Aontais i sceideal EDT tar éis Brexit*<br>Cinneadh (AE) 2024/1334 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>IO L 2024/1334, 17.5.2024 | 12378/23 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le Poblacht Arabach na hÉigipte i ndáil leis na modhnuithe ar tharaif-chuótaí an Aontais i sceideal EDT tar éis Brexit*<br>Cinneadh (AE) 2024/1361 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>IO L 2024/1361, 31.5.2024 | 12361/23 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas agus an tSeapáin*<br>Cinneadh (AE) 2024/1394 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile<br>IO L, 2024/1394, 21.5.2024 | 8462/18 |
| *Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1204 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí<br>IO L, 2024/1204, 23.4.2024 | 7558/24 |
| Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1770 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí<br>IO L, 2024/1205, 23.4.2024 | 7560/24 |
| *Coinbhinsiún Iostanbúl*<br>Cinneadh (AE) 2024/1680 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais<br>IO L, 2024/1680, 12.6.2024 | 8479/24 |
| Cinneadh (AE) 2024/1669 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement<br>IO L, 2024/1669, 12.6.2024 | 8482/24 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i ndáil le haontachas na Seineagáile don Choinbhinsiún Trádála Gráin, 1995*<br>Cinneadh (AE) 2024/1259 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a bhaineann le haontachas Phoblacht na Seineagáile don Choinbhinsiún Trádála Gráin, 1995<br>IO L, 2024/1259, 30.4.2024 | 8057/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh ag an 58ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF)*<br>Cinneadh (AE) 2024/1315 ón gComhairle an 22 Aibreán 2024 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 58ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród i ndáil leis an leasú ar Fhoscríbhinn C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród<br>IO L, 2024/1315, 15.5.2024 | 7991/24 |
| **An 4019ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Talmhaíocht agus Iascach) a tionóladh i Lucsamburg an 29 Aibreán 2024** (Miontuairiscí: 9481/1/24 REV 1) | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Treoir lena leasaítear roinnt Treoracha Bricfeasta*<br>Treoir (AE) 2024/1438 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí comhchosúla áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha torthaí agus marmaláidí torthaí agus *purée* castán milsithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díhiodráitithe go páirteach nó go hiomlán atá beartaithe lena thomhailt ag an duine<br>IO L, 2024/1438, 24.5.2024 | 25/24 |
| *Treoir maidir leis na spriocdhátaí chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus gnóthais áirithe tríú tír*<br>Treoir (AE) 2024/1306 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe (téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1306, 8.5.2024 | 28/24 |
| *An Gníomh um bonneagar gigighiotáin*<br>Rialachán (AE) 2024/1309 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (an Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin) (téacs atá ábhartha maidir le LEE) | 55/24 |

| | |
|---|---|
| IO L, 2024/1309, 8.5.2024 | |

| | |
|---|---|
| *Rialachán lena leasaítear an Rialachán Eatramhach (AE) 2021/1232 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí*<br>Rialachán (AE) 2024/1307 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1232 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí- úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2024/1307, 14.5.2024 | 52/24 |
| *Rialachán maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach*<br>Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle<br>IO L, 2024/1263, 30.4.2024 | 51/24 |
| *Rialachán maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air*<br>Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air<br>IO L, 2024/1264, 30.4.2024 | 6919/24 |
| *Treoir maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát*<br>Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát<br>IO L, 2024/1265, 30.4.2024 | 6920/24 |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí maidir le Foraoisí le Poblacht an Chósta Eabhair*<br>Cinneadh (AE) 2024/1413 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)<br>IO L, 2024/1413, 27.5.2024 | 12247/23 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar an 29 Meitheamh 2022*<br>Cinneadh (AE) 2024/1293 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar<br>IO L, 2024/1293, 14.5.2024 | 8321/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le Lichtinstéin lena leagtar síos rialacha forlíontacha i ndáil leis an gCiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse 2021 go 2027*<br>Cinneadh (AE) 2024/1357 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha. don tréimhse 2021 go 2027<br>IO L, 2024/1357, 16.5.2024 | 13936/23 |
| Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir leis na rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse chlársceidealaithe 2021 go 2027<br>IO L, 2024/200, 4.1.2024 | 13935/23 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq)*<br>Cinneadh 2017/1869 ón gComhairle maidir le misean comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hathchóiriú na hearnála slándála san Iaráic (EUAM Iraq)<br>IO L, 2024/1247, 30.4.2024 | 6779/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine)*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1237 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine)<br>IO L, 2024/1237, 30.4.2024 | 8217/24 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1240 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó<br>IO L, 2024/1240, 30.4.2024 | 8129/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1271 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó<br>IO L, 2024/1271, 30.4.2024 | 8131/24 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1240 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1271 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó<br>IO C, C/2024/3093, 30.4.2024 | 8132/24 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1240 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1271 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó<br>IO C, C/2024/3094, 30.4.2024 | 8132/24 |
| Cinneadh (CBES) 2024/1248 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí an Chósta Eabhair<br>IO L, 2024/1248, 30.4.2024 | 8039/24 |
| Cinneadh (CBES) 2024/1241 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1694 chun tacú le huiliú, cur chun feidhme agus neartú an Choinbhinsiúin maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a measfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu (CCW)<br>IO L, 2024/1241, 30.4.2024 | 8557/24 |

| Nósanna imeachta i scríbhinn | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 4 Aibreán 2024** | **CM 2233/24** |
| *Cinneadh, Rialachán agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1025 an 4 Aibreán 2024 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1025, 5.4.2024 | 7417/24 |
| Rialachán (AE) 2024/1034 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1034, 5.4.2024 | 7479/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1050 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1050, 5.4.2024 | 7481/24 |
| Cinneadh (CBES) 2024/… ón gComhairle an … maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhósaimbíc maidir le stádas Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) | 7285/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Iartharach agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1059 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)<br>IO L, 2024/1059, 5.4.2024 | 7289/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1049 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive<br>IO L, 2024/1049, 5.4.2024 | 7036/24 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Ghána*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1063 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Ghána<br>IO L, 2024/1063, 5.4.2024 | 6466/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Djibouti i ndáil le comhaontú maidir le stádas oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chaomhnú i gcomhthéacs ghéarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)*<br>Cinneadh (CBES) 2024/… ón gComhairle an … lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Djibouti i ndáil le comhaontú maidir le stádas oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chaomhnú i gcomhthéacs ghéarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) | 7565/24 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1019 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO L, 2024/1019, 5.4.2024 | 7043/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1033 ón gComhairle an 4 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh.359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO L, 2024/1033, 5.4.2024 | 7045/24 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1019 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1033 ón gComhairle+ a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO C, C/2024/2520, 5.4.2024 | 7046/24 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ag na bearta sriantacha maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO C, C/2024/2521, 5.4.2024 | 7046/24 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 19 Aibreán 2024** | **CM 2418/24** |
| *Cinneadh, Rialachán agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1175 an 19 Aibreán 2024 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1175, 19.4.2024 | 7943/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1172 ón gComhairle an 19 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO L, 2024/1172, 19.4.2024 | 7945/24 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1175 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1172 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO C, C/2024/2810, 22.4.2024 | 7946/24 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine<br>IO C, C/2024/2811, 22.4.2024 | 7946/24 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 26 Aibreán 2024** | **CM 2479/24** |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1250 ón gComhairle an 26 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO L, 2024/1250, 29.4.2024 | 7320/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1249 ón gComhairle an 26 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO L, 2024/1249, 29.4.2024 | 7322/24 |

| | |
|---|---|
| Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1250 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1249 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO C, C/2024/3028, 29.4.2024 | 7325/24 + COR 1 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí sin a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO C, C/2024/3029, 29.4.2024 | 7325/24 + COR 1 |
| *Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú*<br>Cinneadh (CBES) 2024/1242 ón gComhairle an 26 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO L, 2024/1242, 29.4.2024 | 8664/24 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1243 ón gComhairle an 26 Aibreán 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO L, 2024/1243, 29.4.2024 | 8666/24 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1242 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1243 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO C, C/2024/3015, 29.4.2024 | 8667/24 |
| Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1242 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1243 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO C, C/2024/3016, 29.4.2024 | 8667/24 |